Coiste na Gaeilge
na Gaeltachta agus na nOileán
Ráiteas Tosaigh do Fergal Lynch, Ard-Rúnaí, RLGÓ

Go raibh maith agaibh as an ndeis seo chun labhairt leis an gComhchoiste inniu maidir le tiomantas na Roinne don Ghaeilge. Tá áthas orm go bhfuil seans agam an Comhchoiste a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí atá á gcur i gcrích againn sa Roinn. Déanfaidh mé cur síos ar an méid atá ar siúl againn chun tacaíocht a thabhairt do sholáthraithe luathbhlianta agus ionaid chúraim leanaí Gaeilge á reáchtáil acu, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Gabh mo leithscéal ach níl Gaeilge líofa agam agus beidh orm Béarla a labhairt as seo amach.

I Mí Feabhra 2017, chuir an Roinn freagra do cheistneoir faoi bhráid an Choiste, maidir le cumas na Roinne chun an Ghaeilge a úsáid. Caithfidh mé a admháil nár tugadh go leor eolais san fhreagra a thugamar don cheistneoir, agus níor tugadh cur síos iomlán don Choiste faoi na bearta éagsúla atá á gcur i gcrích againn. Gabh mo leithscéal as sin. Tá leagan uasdátaithe agus leathnaithe den cheistneoir curtha faoi bhráid an Choiste agam. Tá súil agam go mbeidh an leagan seo níos faisnéisí.

Ó críochnaíodh an cheistneoir, tá go leor oibre déanta chun na tacaíochtaí agus na seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil trí mheán na Gaeilge a mhéadú. Rinne An Coimisinéir Teanga athbhreithniú ar scéim teanga na Roinne in 2017 agus rinneadh neart oibre sa réimse seo a bunaíodh ar mholtaí an athbhreithnithe.

I scéim teanga na Roinne, a aontaíodh in 2013 leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar a bhí, tá gealltanais a bhaineann le húsáid na Gaeilge i roinnt réimsí ar leith, lena n-áirítear preaseisiúintí, óráidí, comhfhreagras, foirmeacha iarratais, bróisiúir agus bileoga, stáiseanóireacht agus comharthaí. Tá suíomh gréasáin na Roinne, traenáil agus oiliúint agus seirbhísí na deisce fáilte clúdaithe ann chomh maith.

Rinne An Coimisinéir Teanga athbhreithniú ar ár scéim teanga in 2017. Mhol sé an obair a rinneadh cheana féin agus thug sé faoi deara go raibh an chuid is mó de ghealltanais na scéime á gcur i bhfeidhm. Rinne An Coimisinéir Teanga trácht ar obair a rinneadh maidir le

soláthar oiliúna don fhoireann agus le suíomh gréasáin na Roinne. Sheolamar suíomh gréasáin nua don Roinn le déanaí a bhfuil áit lárnach ag an nGaeilge ann. Chomh maith leis sin, mhol An Coimisinéir Teanga an obair a rinneadh ar bhileoga agus ar fhoirmeacha iarratais a bhaineann le scéimeanna na luathbhlianta, a chuireann an Roinn ar fáil go dátheangach.

Thug sé moltaí dúinn chomh maith chun cur i bhfeidhm na scéime a fheabhsú; lena n-áirítear an méid seo a leanas: líon na bpreaseisiúintí dátheangach a mhéadú; an méid Gaeilge atá ar an suíomh gréasáin a mhéadú; iniúchadh a dhéanamh ar chomharthaí sa Roinn agus cinnte a dhéanamh de go dtuigeann tríú páirtí a sholáthraíonn seirbhísí thar ceann na Roinne na hoibleagáidí teanga atá orthu. Deimhním don Choiste gur rinneamar obair ar na moltaí sin. Mar shampla, go dtí seo i mbliana, eisíodh 20% dár bpreaseisiúintí i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna, i gcomparáid le 10%, an gealltanas atá ann i scéim teanga na Roinne. Cuirtear ábhair cumarsáide a bhaineann le scéimeanna luathbhlianta ar fáil i nGaeilge go rialta; lena n-áirítear an chuid is mó de phreaseisiúintí na luathbhlianta chomh maith le bileoga, póstaeir agus leabhráin chun feasacht scéimeanna a ardú. Mar chuid den fheachtas in 2018, cuireadh póstaeir agus bileoga as Gaeilge go díreach chuig gach réamhscoil Gaeilge.

Tá i bhfad níos mó leathanach ar ár suíomh gréasáin nua le fáil as Gaeilge, ar aon dul le moltaí an Choimisinéara. Seoladh an suíomh gréasáin seo le déanaí agus tá níos mó ná leath na leathanach – thart faoi 52% - ar fáil sa dá theanga. Chun aghaidh a thabhairt ar mholadh eile de chuid an Choimisinéara, gur chóir dúinn a chinntiú go dtuigeann soláthraithe tríú páirtí na gealltanais Ghaeilge atá againn, chuireamar forálacha sa Chomhaontú Seirbhíse is déanaí atá againn le Pobal, a fheidhmíonn go forleathan dúinn i réimse an chúraim leanaí.

Cé nach bhfuil leibhéal ard de theagmháil idir an Roinn agus an pobal i gcoitinne, tá fós gá le hoifigigh a bhfuil ardchumas Gaeilge acu sa Roinn. Faoi láthair, tá seisear oifigeach sa Roinn, ó Oifigeach Seirbhíse go Príomhoifigeach, a bhfuil Gaeilge líofa acu agus bíonn siad i dteagmháil le páirtithe leasmhara trí mheán na Gaeilge nuair is gá. I measc na n-oifigeach sin, tá beirt bhall foirne a earcaíodh i Lúnasa 2017 ó Shruth Earcaíochta Gaeilge na Státseirbhíse.

Maidir le cúrsaí oiliúna, tugtar deis don fhoireann freastal ar chúrsaí Gaeilge le Gaelchultúr ag Meánleibhéal agus Ardleibhéal. Chomh maith leis sin, bhunaigh baill den fhoireann sos neamhfhoirmiúil tae/caife uair sa choicís ar a dtugtar *Caife le Gaeilge*. Rinne siad sin as a stuaim féin. Fóram is ea seo do bhaill fhoirne atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a úsáid, idir thosaitheoirí agus chainteoirí líofa.

Maidir le hearnáil na luathbhlianta, tuigim an luach a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge do leanaí agus iad óg. Mar is eol don Choise, tá roinnt comhlachtaí ann a bhfuil baint acu leis an réimse seo ag leibhéil éagsúla, lena n-áirítear an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus eagraíochtaí ar nós Údaráis na Gaeltachta agus Comhair Naíonraí na Gaeltachta. Sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ba mhaith linn a bheith páirteach, in éineacht leis na gníomhaireachtaí a gcuirimid maoiniú ar fáil dóibh.

Ar an iomlán, tugaimid maoiniú do 228 seirbhís a aithníonn iad féin mar Naíonraí, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Cuireadh beagnach €16m maoiniú san iomlán ar fáil do sheirbhísí sa Ghaeltacht le ceithre bliana anuas.

Maidir le tionscnaimh na Roinne sa réimse seo, déanfaidh mé trácht ar thrí cinn acu. Ar an gcéad dul síos, bhunaigh an tAire Zappone Fóram na Luathbhlianta chun dul i mbun plé le páirtithe leasmhara san earnáil, agus chuir sí dhá áit ar fáil d'ionadaí Gaeilge. Bhunaíomar fo-ghrúpa den Fhóram ina dhiaidh sin chun fáil amach faoin mbealach is fearr chun Cúram agus Oideachas na Luath-Óige as Gaeilge a thacú laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Ar an bhfo-ghrúpa seo, tá baill ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, Gaeloideachas, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus na trí Roinn Rialtais ábhartha, muid féin ina measc.

Ar an dara dul síos, tá sé léirithe ag Cigireacht na Luathbhlianta de chuid Tusla go bhfuil siad tiomanta do sheirbhísí Luathbhlianta sa Naíonraí a thacú. Tá cigirí ann atá ábalta cigireachtaí a dhéanamh i nGaeilge agus tá feachtas earcaíochta ar siúl chun cigire Gaeilge ar leith a cheapadh. Tá tuairiscí na cigireachta ar fáil i nGaeilge, mar a bheifeá ag súil leis.

Ar an tríú dul síos, tá seisear ball foirne in Better Start, a fhostaítear trí Pobal, a bhfuil an Ghaeilge acu, mar chéad nó dara teanga. Tionscnamh náisiúnta is ea Better Start, a bhunaíomar chun ardchaighdeán a fhorbairt i gCúram agus Oideachas na Luathbhlianta. Ghlac naoi mball foirne is fiche de chuid Pobal páirt i gcúrsa athnuachana saincheaptha ar an nGaeilge. Rinne Gaelchultúr an cúrsa seo a éascú, agus d'ullmhaigh siad foclóir de théarmaíocht atá in úsáid i suímh Luathbhlianta.

Ba mhaith liom na Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí a lua chomh maith. Cuireann siad cláir chúraim leanaí agus luathoideachas ar fáil go háitiúil agus tugann siad tacaíocht do sheirbhísí cúraim leanaí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta. Oibríonn siad le hoibrí forbartha de chuid Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, a sholáthraíonn tacaíochtaí díreacha do na stiúrthóirí i seirbhísí cúraim leanaí Gaeilge.

Tuigimid cé chomh tábhachtach is atá sé tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí Gaeilge i gcomhthéacs na mórscéimeanna náisiúnta cúraim leanaí a mhaoiníonn an Roinn. Mar shampla, sa Scéim Inacmhainne Cúraim Leanaí atá le teacht, beidh an suíomh gréasáin a bhaineann leis ar fáil i nGaeilge agus ní bheidh le déanamh chun teacht air ach cnaipe amháin a bhrú ar an leathanach baile. Beidh an chumarsáid ar fad a bhainfidh le seoladh na scéime i nGaeilge agus i mBéarla. Chomh maith leis sin, beidh tairseach na n-iarratas do thuismitheoirí ar fáil i nGaeilge freisin, agus beidh cainteoirí Gaeilge ar fhoireann an aonaid tacaíochta.

Chomh maith leis sin, maidir leis an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM), atá ann chun cabhrú le leanaí faoi mhíchumas chun go mbeidís in ann páirt a ghlacadh sa scéim ECCE, tá an oiliúint a bhaineann léi ar fáil i nGaeilge do shuímh réamhscoile sa Ghaeltacht, agus tá an suíomh gréasáin agus na hábhair a bhaineann le AIM i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an clár AIM féin ar fáil do gach seirbhís réamhscoile, Naíonraí agus seirbhísí na Gaeltachta san áireamh.

Tugann an Roinn tacaíocht láidir don Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 - 2022) agus, i gcomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, táimid tiomanta do ghníomhartha tábhachtacha i réimse na Luathbhlianta. Tá an méid seo a leanas mar chuid

de sin: faisnéis agus tacaíochtaí cúraim leanaí a sholáthar do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge; dhá phost Gaeilge i réimse na Luathbhlianta sa Roinn a chruthú an bhliain seo chugainn; agus bonnlíne tacaíochtaí, seirbhísí agus acmhainní a bhunú do Naíonraí chun cúnamh a thabhairt dóibh agus oiliúint agus ábhair á soláthar acu trí Ghaeilge.

Beimid páirteach sna struchtúir mhonatóireachta a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta. Chomh maith leis sin, beimid i gceannas ar Ghrúpa Stiúrtha Náisiún na Luathbhlianta a bunaíodh faoi Ghníomh 3.10 den Phlean Gníomhaíochta. Déanfaidh an Grúpa sin monatóireacht ar na gníomhartha a bhaineann leis na luathbhlianta.

Seoladh Straitéis Uile-Rialtais do Bhabaithe, do Leanaí Óga agus dá dTeaghlaigh inné. Tá dhá ghníomh sa straitéis sin atá ann chun tacú le forbairt na Gaeilge in earnáil na luathbhlianta. Is é an chéad cheann ná bearta a thabhairt isteach chun a chinntiú go bhfuil teacht ag leanaí i gceantair Ghaeltachta ar sholáthar Cúraim agus Luathoideachais trí mheán na Gaeilge. Beidh ár gcomhghleacaithe sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gceannas ar an ngníomh sin. Is é an dara gníomh ná sásanna a fhorbairt chun tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil do sholáthar Cúraim agus Luathoideachais nuair atá líon mór leanaí ann ag foghlaim trí mheán na Gaeilge. Beidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gceannas ar an ngníomh seo. Beidh an Straitéis ar fáil i nGaeilge agus tá gealltanas ann chun plean chur i bhfeidhm a fhoilsiú do gníomhartha na Straitéise taobh istigh de shé mhí.

Tá go leor gnéithe eile de na tacaíochtaí gur féidir agus gur chóir a sholáthar do sheirbhísí atá ag iarraidh seirbhísí luathbhlianta a chur ar fáil agus a fháil i nGaeilge. Tá súil agam go bhfuil cur síos curtha ar fáil agam don Choiste faoi na ceisteanna atá ann agus faoi obair na Roinne sa réimse seo.

Tá dul chun cinn réasúnta maith déanta againn ach tuigim go bhfuil tuilleadh le déanamh. Bheinn sásta ceisteanna an Choiste a fhreagairt agus bhur dtuairimí a chloisteáil.